

Coláiste na Rinne

Rinn Ó gCuanach, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Scoil na Leanaí

Polasaí Clárúcháin: Scoil na Leanaí



Coláiste na Rinne Tta. Uimhir Cláraithe: 2778 R
Gutháin: (058) 46128 (Oifig), 46864 (Facs), 46104 (Scoláirí), 46136 (Poiblí)
r-phost: eolas@anrinn.com | dirlíon: www.anrinn.com

Polasaí
Clárúcháin:
Scoil na Leanaí

Polasaí Clárúcháin

Eolas Ginearálta

Réamhrá Ginearalta

Ta an polasaí clárúcháin seo á leagan amach de réir riachtanais an Achta Oideachais (1998). Ta súil ag an mBord Bainistíochta go mbeidh an polasaí seo mar chabhair do thuismitheoirí ó thaobh chlárúcháin de. Beidh Cathaoirleach an Bhord Bhainistíochta, agus an príomhoide lánsásta aon cheisteanna a eascraíonn as an bpolasaí seo a shoiléiriú. Scoil Altroma faoi Riail 26 is ea Scoil na Leanaí agus tá sí faoi stiúradh Choláiste na Rinne. Is é Coiste an Choláiste Bord Bainistíochta na Scoile.

Ainim na Scoile: Scoil na Leanaí – Is scoil mheascaithe, Ghaeltachta chuimsitheach í a dhéanann freastal ar phaistí de gach inniúlacht. ‘Siad ranganna 5 agus 6 a bhíonn sa scoil.

Seoladh na Scoile: Colaiste na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán Co. Phort Láirge
Uimhir Ghutháin: 058 46128

Ríomhphost: scoilnaleanai@gmail.com

Sainiúlacht Chreidmheach: Is Scoil Chaitliceach í Scoil na Leanaí.

●I lámhleabhar de Chumann Bhainisteoirí na mBunscoil Caitliceach tá an cur síos seo leanas:

A Roman Catholic school (which is established in connection with the Minister) aims at promoting the full and harmonious development of all aspects of the person of the pupil: intellectual, physical, cultural, moral and spiritual, including a living relationship with God and with other people. The school models and promotes a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus Christ. The Catholic school provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practises and tradition of the Roman catholic Church and promotes the formation of the pupils in the Catholic Faith.

Cuirfear fáilte roimh páistí nach Caitlicigh iad.

Ainm an Phatrúin: An tEaspag, Easpag Phort Láirge agus na Leasa Móire.

Líon iomlán na Múinteoirí sa Scoil: 4 (P.O san áireamh)

Raon na ranganna a Mhúintear:

Rang V agus VI. Tá an scoil faoi réir ag Rialacha Scoileanna Naisiúnta agus Ciorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna – ina measc an tAcht Oideachais (1998), Ed. Welfare Act (2000) agus an tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004 (ESPEN Act 92004))

“Cuirfear oideachas ar leanbh le riachtanais oideachasúla speisialta I dtimpeallacht uilechuimsitheach le leanaí nach bhfuil na riachtanais sin acu, ach amháin mura dtéann nádúr nó leibhéal riachtanais an linbh sin le-

- (a) Leas is fear an linbh mar a chinntítear é de réir aon mheasúnachta a dhéantar faoin Acht seo, nó
- (b)(b) foráil éifeachtúil oideachais do na leanaí lena bhfuil an leanbh chun oideachas a fháil.” (Alt 2)

Braitheann an scoil ar na deontais agus ar na hacmhainní múinteora a chuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil agus feidhmíonn sí de réir na rialacháin a leagann an Roinn amach ó am go ham. Ní foláir do pholasaí scoile aird a thabhairt ar na hacmhainní agus an maoiniú atá ar fáil.

Cloíonn an scoil leis an cláir churaclaim a fhoilsíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, a leasaítear ó am go ham, de réir Ailt 9 agus Acht Oideachais (1998).

Laistigh de chomhthéacs agus teorainneacha rialacháin agus chlár na Roinne, cearta an phátrúin a leagtar amach sa Acht Oideachais (1998) iad, agus an maoiniú agus na hacmhainní atá ar fáil, tugann an scoil tacaíocht do na prionsabail seo a leanas:

- Uilechumisitheacht, go háirithe maidir le clarú leanaí faoi míchumas nó le riachtanas oideachasúil speisialta eile;
- Cothromas rocht agus rannpháirtíochta sa scoil;
- Rogha tuismitheora maidir le clarú; agus
- Meas ar éagsúlacht luachanna, creideamh, tradisiún, teangacha agus bealaí saoil atá le fáil i sochaí na hÉireann.

Cuirtear tús leis an lá scoile ar 9.25 agus cuirtear críoch ag 15.30.

Bíonn an scoil ar siúl ar an Satharn ó 09.30 go 12.30.

Seoltar féilire chuig na tuismitheoirí ag tús gach scoilbhliana.

Polasaí ar Úsáid na Gaeilge

‘Sí an Ghaeilge teanga na scoile. Múintear na hábhair go léir trí Ghaeilge seachas Béarla. Tumoideachais dhéanach a bhíonn I bhfeidhm agus ní mhúintear Béarla don chéad mhí. Ón gcéad lá spreagtar iad chun na focail Ghaeilge a bhíonn acu a úsáid lasmuigh den rang. Ní chosctar labhairt an Bhéarla orthu I dtosach mar go mbíonn siad uaigneach agus ar an iomlán an – lag ar labhairt na Gaeilge. I dtosach mí Dheireadh Fómhair tosaíonn siad ag labhairt Gaeilge ag na sosanna agus bíonn na múinteoirí ar an láthair chun cabhrú leo. Tar éis Lá na Samhna bítear ag súil le labhairt na Gaeilge an t-am ar fad. Éinne a léiríonn easpa comhoibriú maidir le labhairt na Gaeilge ar bhonn leanúnach thar thréimshe fada, cuirfear an Cód Smachta I bhfeidhm I gcomhairle leis na tuismitheoirí.

Cuid B. Nósanna Imeachta Clárúcháin

Nós Imeachta Iarratais

1. Iarrtar ar thuismitheoirí ar mhian leo a bpaistí a chlárú I Scoil na Leanaí, Coláiste na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán Co. Phort Láirge, foirm clarúcháin (ar Fáil ó Oifig an Choláiste) líonta a sheoladh ar ais go dtí an Bainisteoir, Coláiste na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.
2. Cuirfear ainmneacha na bpaistí a bhfaighfear foirmeacha iarratais dóibh ar liosta le haghaidh clarúcháin.
3. Cuirfear polasaí comhionannais na scoile I bhfeidhm I gcónaí nuair a dhéantar cinneadh áit a bhronnadh sa scoil. Ní dhiúltaítear d’aon pháiste de bharr cine, riachtanais speisialtaoideachais, míchumas, teanga/canúint, gnéas, bheith mar bhall den lucht siúil, bheith mar theifeach, ar bhonn creidimh/polaitíochta nó ar bhonn cuinsí baile nó sóisialta.
4. I gcás gach iarratas aithnítear cearta tuismitheoirí a bpaistí a chlarú ina rogha scoile. Ach ta Bord Bainistíochta Scoil na Leanaí freagrach as cearta chomhluadair scoile agus go háirithe cearta na bpaistí eile atá cláraithe sa scoil. Ní mór breithiúnas cóir a thabhairt ar gach iarratais bunaithe ar chearta nádúrtha agus feidhmiú ar son leas páistí/iarrathóirí.
5. Cinntíonn an Bord Bainistíochta uasmhéid líon na ndaltaí I ngach seomra ranga ag tógaint san áireamh moltaí na Roinne Oideachais agus Scileanna I leith meán uimhreacha ranga agus ag braith ar na hacmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil do Bhord Bainistíochta.
6. Le linn na Scoilbhliana ní chláraítear páistí I ndiaidh Mí na Samhna de ghnáth.

7. Bíonn Lá Oscailte ann do scoláirí nua.
8. Ag Braith ar na hacmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil don Bhord Bainistíochta, tacófar le paistí le riachtanais oideachais chomh fada agus is féidir. I gcás páistí le riachtanais oideachais speisialta faoi leith, iarrfaidh an Bord Bainistíochta cóipeanna de theastaisí leighis nó scrúdaithe siceolaíochta a chur ar fáil don Bord Bainistíochta a d'fhonn na Riachtanais Speisialta a aimsiú agus treoir a fháil ar na seibhísí a bheidh ag teastáil. Déanfaidh an Bord gach dícheall na seirbhisí cuí a bheith ann sula dtosaíonn an páiste sa scoil. Má dhiúltaítear áit do pháiste I Scoil na Leanaí cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil de cheart acu achomharc a lorg ón Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi mar atá san Acht Oideachais 1998 (Mír 29). Más gá beidh foirm ar fáil sa scoil.
9. Ní mór do na daltaí atá cláraithe agus dá dtuismitheoirí comhoibriú agus tacú leis na polasaithe atá ag an scoil.
10. Is féidir cur leis na polasaithe ó am go chéile nó iad a athrú.
11. Ta cóip den fhoirm leis an bpolasaí seo.

Achomhairc

Tá eolas faoi achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar fáil ar www.education.ie

Clárú Leanaí le Riachtanais Speisialta

Maidir le hiarratais chun leanaí le riachtanais speisialta a chlarú, lorgóidh an Bord Bainistíochta cóip de thuairisc leighis/shíceolaíoch an linbh, nó mura bhfuil a lethéid de thuairisc ar fáil, lorgófaí go ndeanfaí an leanbh a mheas láithreach. Is é aidhm na tuairisce measúnachta na cuidiú leis an scoil riachtanais oideachasúla agus oiliúna an linbh a bhaineann lena m(h)íchumas nó a riachtanais speisialta a fháil amach agus próifíl a chur le chéile de na seirbhisí tacaíochta a bhfuil gá leo agus iad a bheith ann sula dtosóidh an páiste ar scoil.

Tar éis na tuairisce a fháil, measfaidh an Bord conas is feidir leis an scoil freastal ar na riachtanais a shonraítear sa tuairisc. Má mheasann an Bord go bhfuil gá le hacmhainní breise, iarrfar ar an SENO (NCSE féach Imlitir 01/05) roimh an gclárú, na hacmhainní seo a leanas, nó soláthar ceann de na hacmhainní seo leanas nó meascán dóibh I gceist: seirbhís múinteora ar cuairt, múinteoir do riachtanais speisialta, cúntóir riachtanas speisialta, trealamh nó troscán speisialta, seirbhisí iompair nó eile.

Buailfidh an scoil leis an SENO chomh maith le tuismitheoirí an linbh chun riachtanais an linbh a phlé I dteannta oiriúnacht agus cumas na scoile freastal ar

na riachtanais sin. Más gá, reachtálfar comhdháil don chás iomlán a mbeidh na páirtithe uile páirteach ann; mar shampla tuismitheoirí, an príomhoide, an múinteoir ranga, múinteoir tacaíocht foghlama, múinteoir acmhainne do riachtanais speisialta, Eagarthóir Riachtanais Oideachasúil Speisialta nó síceolaí a bheith páirteach ann, de réir mar is cuí.

Ar bhonn eisceachtúil tá sé de cheart ag an mBord dalta a dhiúltiú má

1. Tá riachtanaisí ag an bpáiste, fiú le hacmhainní breise ar fáil, nach féidir leis an scoil freastal ar an bpáiste I gceart nó oideachas oiriúnach a chur ar fáil dó/dí.
2. Má tá seans maith go ndéanfadh an dalta damáiste nó go gcuirfeadh sé/sí isteach I slí nach féidir glacadh leis ar scoláirí eile, ar fhoireann na scoile nó ar shealúchas agus fearas na scoile (pose an unacceptable risk to other pupils, school staff or school property) (ESPEN alt 2)

Cód Iompair

Bíonn an Cód iompair iniata le polasaí clarúcháin na scoile

Dainginiú:

- Cuireadh an polasaí faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta le dainginiú ar an 05 Aibreán 2023
- Cuireadh baill eile pobal na scoile ar an eolas faoin bpolasaí daingnithe.
- Deineadh socraithe maidir le scaipeadh an pholasaí I measc na n-iarratóirí nua uile.
- Deanfar monatóireacht ar éifeacht an pholasaí agus déanfar athbhrethniú bliantúil air.

An Mhír Thagartha

- * Treoirlínte ó CPMSA/Bord Oideachais Eaglais na hÉireann agus CMÉ
- * Imlitreacha 0038/2007, 07/07, 02/05 – ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, www.education.ie
- * Management Board Member's Handbook, CPMSA
- * An tAcht Oideachais, 1998 Ailt 9, 15 (2), 29, 30
- * An tAcht Oideachais (Leas), 2000 Ailt 19, 20, 23, 24, 28
- * An Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta, 2004

*An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988, 2003

* An tAcht um Stádas Comhionann 2000, Alt 7

*Questions and Answers on the Education Act 1998 and The Education Welfare Act 2000, INTO

* Equality and Education, The Equality Authority 2001

* Eolas maidir leis an Acht um Stádas Comhionann 2000. An tÚdarás Comhionannais – Ionad Oideachais

Suímh Idirlín

ROE

www.education.ie

CPMSA

www.cpmsa.ie

INTO

www.into.ie

IPPN

www.ippn.ie

An tÚdarás Comhionannais

www.equality.ie

An Chomhairle Náisiúnta am Oideachas Speisialta www.ncse.ie

SÍNITHE:

Cathaoirleach:

Mairead Whelan

Dáta: 05/04/2025

Príomhoide:

Olive Croc

Dáta: 05/04/2025

